Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11813/25**

**ENER 381**
**ENV 726**
**MARE 30**
**COMAR 35**
**PROCIV 104**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 409 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN<br>Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le Sábháilteacht Oibríochtaí Ola agus Gáis amach ón gCósta in 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 409 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 409 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.7.2025
COM(2025) 409 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le Sábháilteacht Oibríochtaí Ola agus Gáis amach ón gCósta in 2023**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

# Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le Sábháilteacht Oibríochtaí Ola agus Gáis amach ón gCósta in 2023

## An clár ábhar


1. RÉAMHRÁ ..... 2
2. BUNÚS DLÍ ..... 3
3. MODHEOLAÍOCHT AGUS FAISNÉIS A FUARTHAS ..... 3
4. AN EARNÁIL OLA AGUS GÁIS AMACH ÓN gCÓSTA SAN AONTAS ..... 4
   4.1 Suiteálacha agus táirgeadh ..... 4
   4.2 Iniúchtaí, imscrúduithe, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin amach ón gcósta agus an creat rialála ..... 6
5. TEAGMHAIS AGUS FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA ..... 7
6. CONCLÚIDÍ ..... 9

# 1. RÉAMHRÁ

Ó bhí 2016 ann, tá tuarascáil bhliantúil á foilsiú ag an gCoimisiún Eorpach maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas Eorpach.

Is é is bunús dlí le haghaidh na tuarascála sin Treoir 2013/30/AE[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (dá ngairtear 'an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta' anseo feasta). Is é is aidhm di ardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach in oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta, ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

i. le hoibrithe.
ii. leis an gcomhshaol.
iii. le hardáin agus trealamh amach ón gcósta.
iv. le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, amhail an iascaireacht agus an turasóireacht.

Leis an Treoir, arna cur chun feidhme ag na Ballstáit, cuidítear leis an méid seo a leanas:

i. mórthionóiscí agus mórtheagmhais a chosc.
ii. líon na dteagmhas a laghdú.
iii. measúnú iar-iniúchta leantach éifeachtach ar thionóiscí agus ar theagmhais a áirithiú chun déine na n-iarmhairtí a bhaineann leo a laghdú.

Ar an gcaoi chéanna le tuarascálacha a tháinig roimhe seo, déantar an méid seo a leanas sa tuarascáil bhliantúil seo:

i. líon agus cineál na suiteálacha san Aontas a thabhairt le fios.
ii. faisnéis a sholáthar maidir le teagmhais sábháilteachta sna suiteálacha sin.
iii. measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

Anois cumhdaítear leis an tuarascáil tréimhse 8 mbliana, agus feidhmíonn sí mar thaifead ar fheidhmíocht sábháilteachta na mBallstát i dtaobh gníomhaíochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thuarascálacha bliantúla agus ar shonraí a chuir na Ballstáit isteach mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta.

Tá 164 shuiteáil ola agus gáis amach ón gcósta lonnaithe sa Mheánmhuir, 136 sa Mhuir Thuaidh agus san Aigéan Atlantach, naoi sa Mhuir Dhubh agus ceithre i Muir Bhailt. In 2023, rinne údaráis inniúla na mBallstát iniúchadh ar shábháilteacht 388 suiteáil amach ón gcósta ina ndlínse. Ní dhearna na tíortha aon mhórthionóisc a thuairisciú.

Tháinig méadú ar líon na dteagmhas, is é sin, méadú ó 37 in 2022 go 44 in 2023.

1 IO L 178, 28.6.2013, lch. 66.

## 2. BUNÚS DLÍ

I gcomhréir le hAirteagal 25 den Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, ní mór don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le sábháilteacht agus tionchar comhshaoil oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta. Tá an tuarascáil sin bunaithe ar thuarascálacha bliantúla aonair nach mór do na Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Leagtar amach in Iarscríbhinn IX (3) a ghabhann leis an Treoir an t-íosmhéid faisnéise nach mór a bheith sna tuarascálacha bliantúla:

i. líon, aois agus suíomh na suiteálacha.
ii. líon agus cineál na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe a rinneadh, de bhreis ar aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin nó ciontú.
iii. na teagmhais a tharla.
iv. aon mhórathrú ar an gcreat rialála amach ón gcósta.
v. measúnú ar fheidhmíocht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

Is é an 1 Meitheamh tar éis na tréimhse tuairiscithe (e.g. an 1 Meitheamh 2024 i gcás 2023) an sprioc-am faoina gcaithfidh na Ballstáit an fhaisnéis a bhfuil gá léi a fhoilsiú agus a chur isteach.

Ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis a chur isteach trí úsáid a bhaint as na teimpléid a sholáthraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1112/2014 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2014[2]. Leis na teimpléid:

i. is féidir le hoibreoirí agus úinéirí suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta faisnéis faoi tháscairí mórghuaise a chomhroinnt.
ii. is féidir leis na Ballstáit faisnéis faoi tháscairí mórghuaise a fhoilsiú.

Tá treoirdhoiciméad[3] ann ina soláthraítear faisnéis shonrach maidir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme agus ina mínítear conas na teimpléid tuairiscithe a úsáid.

## 3. MODHEOLAÍOCHT AGUS FAISNÉIS A FUARTHAS

Ní mór do na Ballstáit faisnéis a chur isteach, faisnéis arna sainiú go soiléir, faoi theagmhais sábháilteachta san earnáil ola agus gáis amach ón gcósta trí úsáid a bhaint as na teimpléid. Ní mór faisnéis faoi na suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas a chur san áireamh sna sonraí, amhail líon, cineál, suíomh agus aois na suiteálacha. Ina theannta sin, ní mór faisnéis a sholáthar sna tuarascálacha ó na Ballstáit faoi (i) líon na n-iniúchtaí, na n-imscrúduithe agus na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin amach ón gcósta a rinneadh; (ii) líon na dteagmhas de réir catagóire; agus (iii) líon na ngortuithe.

[2] IO L 302, 22.10.2014, lch. 2.
[3] Treoirdhoiciméad maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1112/2014 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2014

Chun an tuarascáil bhliantúil seo a ullmhú, bhain an Coimisiún úsáid as faisnéis a sholáthair an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn agus an tSualainn. Ní raibh na Ballstáit eile gníomhach san earnáil ola agus gáis amach ón gcósta ná níor chuir siad faisnéis isteach. Dhearbhaigh na Ballstáit uile a bhfuil oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta acu gur chuir siad isteach an fhaisnéis uile ba ghá faoi na suiteálacha go léir.

# 4. AN EARNÁIL OLA AGUS GÁIS AMACH ÓN gCÓSTA SAN AONTAS

## 4.1 Suiteálacha agus táirgeadh

Thuairiscigh na Ballstáit go raibh 313 shuiteáil in uiscí an Aontais in 2023 (féach Tábla 1):

- Bhí formhór na suiteálacha amach ón gcósta[4] sa Mheánmhuir. Is í an Iodáil an tír is gníomhaí (is léi 45 % de na suiteálacha uile in uiscí an Aontais), agus an Chróit ina dhiaidh sin.
- Sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach, bhí formhór na suiteálacha (thart ar 37 % de na suiteálacha uile in uiscí an Aontais) sa chuid den Mhuir Thuaidh ar leis an Ísiltír í (ar a dtugtar limistéar eacnamaíoch eisiach na hÍsiltíre).
- Sa Mhuir Dhubh, tá tionscal seanbhunaithe ola agus gáis amach ón gcósta ag an Rómáin. Tá taiscéalaíocht hidreacarbón amach ón gcósta fós ar siúl sa Bhulgáir, ach ní raibh ach suiteáil amháin aici agus tá cainníochtaí beaga ola agus gáis á dtáirgeadh aici.
- I Muir Bhailt, is ag an bPolainn amháin atá suiteálacha amach ón gcósta.

*Tábla 1: Suiteálacha an 1 Eanáir 2023: cineál suiteála de réir réigiúin agus Ballstáit*

| **Réigiún** | **Tír** | **Cineál suiteála (*)** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | SFS | NUI | SNS | STS | Iomlán (réigiún/tír) | Athrú i gcomparáid le 2022 |
| **Muir Bhailt** | | **3** | **1** | **0** | **0** | **4** | **--** |
| | an Pholainn | 3 | 1 | 0 | 0 | 4 | -- |
| **An Mhuir Dhubh** | | **5** | **4** | **0** | **0** | **9** | **+1** |
| | an Bhulgáir | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | -- |
| | an Rómáin | 5 | 3 | 0 | 0 | 8 | +1 |
| **An Mheánmhuir** | | **15** | **147** | **0** | **2** | **164** | **0** |
| | an Chróit | 2 | 17 | 0 | 0 | 19 | -- |
| | an Ghréig | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | -- |
| | an Iodáil | 11 | 127 | 0 | 2 | 140 | -- |
| | an Spáinn | 1 | 2 | 0 | 0 | 3 | 0 |
| **An Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach** | | **39** | **92** | **5** | **0** | **136** | **+1** |
| | an Danmhairg | 7 | 11 | 1 | 0 | 19 | -- |

[4] Ní cuid de na sonraí i roinn 4.1 iad aonaid shoghluaiste druileála amach ón gcósta.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | an Ghearmáin | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | -- |
| | Éire | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | -2 |
| | an Ísiltír | 31 | 80 | 4 | 0 | 115 | +3 |
| **Iomlán (de réir cineáil suiteála)** | | **62** | **244** | **5** | **2** | **313** | **+2** |

(*) SFS: Suiteáil fhoireannaithe sheasta; SNS: Suiteáil neamhtháirgthe sheasta; STS: Suiteáil táirgthe ar snámh; NUI: Suiteáil a bhíonn gan freastal de ghnáth.

Tháinig níos mó ná leath de na suiteálacha amach ón gcósta i bhfeidhm idir 1980 agus 2000. In 2023, tháinig dhá shuiteáil sheasta nua i bhfeidhm. Ó bhí 2010 ann, tá laghdú suntasach tagtha ar fhorbairt suiteálacha táirgthe nua sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach.

Is sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach (féach Tábla 2) a tháirgtear thart ar 74 % d'ola agus de ghás intíre an Aontais (15 518 gcileathonna de choibhéis ola (dá ngairtear 'ktoe' anseo feasta)). Is iad an Ísiltír agus an Danmhairg na táirgeoirí is mó sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach. Is iad an Iodáil agus an Chróit na táirgeoirí is mó sa Mheánmhuir. Sa Spáinn agus sa Ghréig níor táirgeadh ola agus gáis amach ón gcósta. Sa Mhuir Dhubh, is é aschur na Rómáine amháin atá tábhachtach.

*Tábla 2: Táirgeacht ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas in ktoe in 2023*

| Réigiún | Tír | ktoe | % d'iomlán an Aontais | athrú % i gcomparáid le 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Muir Bhailt** | | **284** | **1,8 %** | **+ 4,7 %** |
| | an Pholainn | 284 | 1,8 % | + 4,7 % |
| **An Mhuir Dhubh** | | **1786** | **11,5 %** | **+93,7 %** |
| | an Bhulgáir | 7 | 0,0 % | -50,3 % |
| | an Rómáin | 1778 | 11,5 % | +96,1 % |
| **An Mheánmhuir** | | **1897** | **12,2 %** | **-8,3 %** |
| | an Chróit | 193 | 1,2 % | -2,3 % |
| | an Ghréig | 60 | 0,4 % | -- |
| | an Iodáil | 1645 | 10,6 % | -12,1 % |
| | an Spáinn | 0 | 0,0 % | -- |
| **An Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach** | | **11552** | **74,4 %** | **-11,2 %** |
| | an Danmhairg | 4700 | 30,3 % | +6,0 % |
| | an Ghearmáin | 706 | 4,5 % | -6,5 % |
| | an Ísiltír | 6146 | 39,6 % | -21,3 % |
| **Iomlán** | | **15 518** | **100 %** | **-4,6 %** |

Tháinig méadú ar an táirgeacht sa Rómáin (+ 96 %) agus bhí luachanna dearfacha freisin sa Danmhairg (+ 6 %) agus sa Pholainn (+ 4,7 %) ach tháinig laghdú ar an táirgeacht i ngach Ballstát eile, go háirithe san Ísiltír (ag leanúint den treocht a bhí ann in 2022) agus sa Bhulgáir. Chuir an Ghréig tús leis an táirgeadh arís, ar táirgeadh é ar cuireadh stop leis in 2022. Níor táirgeadh ola agus gáis amach ón gcósta sa Spáinn. I gcomparáid leis an táirgeacht sna Ballstáit in 2021, bhí caillteanas táirgthe 4,6 % (thart ar 746 ktoe) ar an iomlán in 2023 san Aontas.

Maidir leis an táirgeacht fhoriomlán san Aontas, arna tomhas in ktoe, gás ab ea 67 % di, agus 33 % di ina ola. Ba í an Danmhairg (3 410 ktoe) an táirgeoir ola ba mhó, agus ina dhiaidh sin, an Ghearmáin (698 ktoe), an Iodáil (380 ktoe), an Pholainn (260 ktoe), an Ísiltír (265 ktoe) agus an Ghréig (50 ktoe).

## 4.2 Iniúchtaí, imscrúduithe, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin amach ón gcósta agus an creat rialála

Rinne na húdaráis inniúla sna Ballstáit iniúchadh ar na suiteálacha amach ón gcósta ina ndlínse go tráthrialta in 2023 (féach Tábla 3). Dá mhéad suiteálacha sa tír is ea ba mhó iniúchtaí a rinne an tír sin de ghnáth.

I gcomparáid le 2022, tháinig laghdú ar líon foriomlán na n-iniúchtaí san Aontas (ó 524 go 435). Cé gur tháinig méadú ar líon na n-iniúchtaí i ndlínsí áirithe (e.g. an Rómáin), tháinig laghdú ar an líon i bhformhór na ndlínsí.

San Ísiltír, laghdaíodh líon na n-iniúchtaí le 30 i gcomparáid le 2022. An tráth céanna, dhíchoimisiúnaigh an Ísiltír 32 shuiteáil le linn na tréimhse tuairiscithe.

*Tábla 3: Iniúchtaí amach ón gcósta de réir réigiúin agus Ballstáit in 2023*

| Réigiún | Tír | Iniúchtaí | Laethanta oibre a caitheadh ar an tsuiteáil (ní áirítear am taistil) | Líon na suiteálacha a ndearnadh iniúchadh orthu |
|---|---|---|---|---|
| **Muir Bhailt** | | **1** | **1** | **1** |
| | an Pholainn | 1 | 1 | 1 |
| **An Mhuir Dhubh** | | **30** | **203** | **9** |
| | an Bhulgáir | 0 | 0 | 0 |
| | an Rómáin | 30 | 203 | 9 |
| **An Mheánmhuir** | | **269** | **295** | **249** |
| | an Chróit | 28 | 36 | 8 |
| | an Chipir | 2 | 6 | 2 |
| | an Ghréig | 1 | 12 | 1 |
| | an Iodáil | 238 | 241 | 238 |
| | an Spáinn | 0 | 0 | 0 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **An Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach** | | 135 | 219 | **129** |
| | an Danmhairg | 20 | 123 | 16 |
| | an Ghearmáin | 3 | 6 | 1 |
| | Éire | 0 | 0 | 0 |
| | an Ísiltír | 112 | 90 | 112 |
| **Iomlán** | | **435** | **718** | **388**[5] |

Le hAirteagal 18 den Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, tugtar cearta agus cumhachtaí do na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le hoibríochtaí agus suiteálacha ina ndlínse. Áirítear leis na cumhachtaí sin an ceart oibríochtaí a thoirmeasc agus bearta a iarraidh lena n-áirithítear comhlíonadh bainistíochta riosca agus oibríochtaí sábháilte araon.

In 2023, ní dhearnadh aon imscrúdú maidir le mórthionóisc (ós rud é nár tuairiscíodh aon mhórthionóisc).

Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin le linn 2023.

# 5. TEAGMHAIS AGUS FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA

Ní mór d'oibreoirí agus d'úinéirí suiteálacha agus d'údaráis náisiúnta tionóisc nó cás contúirte tromchúisí (dá dtagraítear 'teagmhas') a thuairisciú. Mar sin féin, is féidir teagmhas amháin a chur i gcatagóir amháin nó níos mó. Mar shampla, ní mór dhá chatagóir teagmhais a fhógairt maidir leis an teagmhas céanna má tharla (a) scaoileadh neamhbheartaithe gáis a d'fhág (b) go raibh gá le foireann a aslonnú.

Thuairiscigh na Ballstáit 44 theagmhas[6] in 2023 i gcomparáid le 37 dteagmhas in 2022:

- An Danmhairg – 12 theagmhas, gan aon mhórthionóisc (mar an gcéanna le líon na dteagmhas in 2022)[7].
- An Chróit – ocht dteagmhas, gan aon mhórthionóisc (i gcomparáid le dhá theagmhas in 2022)[8].
- An Ísiltír – 24 theagmhas, gan aon mhórthionóisc[9] (11 theagmhas in 2022)[10].

[5] D'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar shuiteáil níos mó ná uair amháin le linn na bliana tuairiscithe; dá bhrí sin, tá 'líon na n-iniúchtaí' (435) éagsúil le 'líon na suiteálacha' (388), mar gheall ar líon na saoráidí a rinneadh a dhíchoimisiúnú le linn na bliana agus líon na saoráidí a thosaigh ag feidhmiú le linn na bliana.

[6] Ní chumhdaítear leis an oibleagáid tuairiscithe teagmhais áirithe (e.g. teagmhais nach mbaineann le hoibríochtaí).
[7] I gcás na Danmhairge, scaoileadh neamhbheartaithe a bhí i ngach ceann de na 12 theagmhas.
[8] I gcás na Cróite, as ocht dteagmhas, scaoileadh neamhbheartaithe ba chúis le cúig díobh agus cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil ba chúis leis na cúig cinn eile.
[9] Áirítear le mórthionóiscí teagmhais a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le bás nó le gortú tromchúiseach (fiú murar tharla bás nó gortú).
[10] I gcás na hÍsiltíre, caillteanas trí thobar agus 21 scaoileadh neamhbheartaithe a bhí sna teagmhais.

As na teagmhais a tharla in 2023, bhain 86,36 % díobh le scaoileadh neamhbheartaithe gáis agus/nó ola, bhain 6,82 % díobh leis an gcatagóir cliste eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil, agus bhain 6,82 % díobh le caillteanas toibreacha. Níor maraíodh aon duine de dheasca aon cheann de na teagmhais. Chomh maith leis sin, níor tuairiscíodh aon imbhualadh soithí ná tionóisc héileacaptair.

*Tábla 4: Teagmhais de réir catagóire (a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta) in 2023*

| Catagóir | | Iomlán | Sciar d'iomlán na catagóire | Sciar d'iomlán na dteagmhas |
|---|---|---|---|---|
| **(a)** | **Scaoileadh neamhbheartaithe – iomlán** | **38** | **100 %** | **86,36 %** |
| | Dóiteáin arbh ola/gás adhainte ba chúis leo | 0 | 0 % | 0,00 % |
| | Pléascthaí arbh ola/gás adhainte ba chúis leo | 0 | 0 % | 0,00 % |
| | Gás gan adhaint | 14 | 37 % | 31,82 % |
| | Ola gan adhaint | 7 | 18 % | 15,91 % |
| | Substaint ghuaiseach | 17 | 45 % | 38,64 % |
| **(b)** | **Caillteanas toibreacha – iomlán** | **3** | **100 %** | **6,82 %** |
| | Logáin séidte | 0 | 0 % | 0,00 % |
| | Logán séidte/gníomhachtú atreodóra | 3 | 100 % | 6,82 % |
| | Cliseadh bacainne tobair | 0 | 0 % | 0,00 % |
| **(c)** | **Cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil** | **3** | **100 %** | **6,82 %** |
| **(d)** | **Caillteanas sláine struchtúraí – iomlán** | **0** | **0 %** | **0,00 %** |
| | Caillteanas sláine struchtúraí | 0 | -- | 0,00 % |
| | Caillteanas seasmhachta/snámhachta | 0 | -- | 0,00 % |
| | Caillteanas coinneála stáisiúin | 0 | -- | 0,00 % |
| **(e)** | **Imbhualadh soithí** | **0** | -- | 0,00 % |
| **(f)** | **Tionóiscí héileacaptair** | **0** | -- | 0,00 % |
| **(g)** | **Tionóiscí marfacha (*)** | **0** | -- | 0,00 % |
| **(h)** | **Cúigear nó níos mó gortaithe go tromchúiseach le linn na tionóisce céanna** | **0** | -- | 0,00 % |
| **(i)** | **Aslonnú pearsanra** | **0** | -- | 0,00 % |
| **(j)** | **Tionóiscí comhshaoil** | **0** | -- | 0,00 % |
| **Iomlán** | | **44** | | **100,00 %** |
| (*) *I gcás ina mbaineann sé le mórthionóisc, agus sa chás sin amháin.* | | | | |

San Aontas, tháinig méadú ar líon iomlán na dteagmhas, is é sin, méadú ó 37 in 2022 go 44 in 2023. Is éard is cúis leis an difríocht sin den chuid is mó an méadú ar scaoileadh neamhbheartaithe ola agus gáis araon ó 28 go 38. Tháinig laghdú ó sheacht dteagmhas go trí theagmhas ar líon na dteagmhas a bhain le cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil. Bhí líon na dteagmhas a bhain le caillteanas toibreacha mar an gcéanna a bheag nó a mhór (ó dhá theagmhas in 2022 go trí cinn in 2023) agus an luach céanna i gceist agus a bhí ann sa tuairisciú le haghaidh 2021.

Níor aicmíodh aon teagmhas mar mhórthionóisc in 2023. Tá measúnú á dhéanamh ag údaráis na mBallstát, i gcomhar leis na hoibreoirí, ar na cúiseanna atá leis na teagmhais chun a chinneadh an bhfuil gá le himscrúduithe nó le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

## 6. CONCLÚIDÍ

In 2023 bhí 313 shuiteáil ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas. Dhíchoimisiúnaigh an Ísiltír 32 shuiteáil le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tháinig laghdú ar tháirgeacht fhoriomlán ola agus gáis ó 16 264 ktoe in 2022 go 15 518 ktoe in 2023 (4,6 % caillteanas táirgthe, i gcomparáid le laghdú 11 % idir 2021 agus 2022). Tháirg an Danmhairg agus an Ísiltír 70 % d'iomlán ola agus gáis amach ón gcósta an Aontais.

Rinne an Coimisiún measúnú ar shábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta an Aontais, agus an méid sin bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair na Ballstáit, de réir rialacha an Rialacháin Cur Chun Feidhme maidir le tuairisciú. Dá bhrí sin, braitheann cruinneas anailís an Choimisiúin ar chruinneas na faisnéise sin.

In 2023 lean na húdaráis náisiúnta dá gcuid iarrachtaí chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú in oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta trí iniúchadh a dhéanamh ar 388 suiteáil (i gcomparáid le 485 shuiteáil in 2022). Níor tuairiscíodh aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin le linn na tréimhse tuairiscithe.

Níor tharla aon mhórthionóisc in 2023. Tháinig méadú ar líon iomlán na dteagmhas, is é sin, méadú ó 37 in 2022 go 44 in 2023. Níor tuairiscíodh aon bhás. tuairiscíodh 49 ngortú[11] agus ocht ngortú thromchúiseacha[12].

Mar fhocal scoir, de bharr na n□iniúchtaí éigeantacha agus na gníomhaíochtaí a rinneadh, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, tá oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta fós sábháilte de thoradh na hoibre atá déanta ag údaráis na mBallstát.

Chun an leibhéal sábháilteachta sin a choinneáil ar bun, tá an Coimisiún ag leanúint d'oibriú go dlúth le Grúpa an Aontais Eorpaigh um Údaráis Ola agus Gáis Amach ón gCósta (EUOAG). Cuireann EUOAG dea-chleachtais chun cinn maidir le gach oibríocht a dhéanamh go sábháilte, agus tugann sé cúnamh do na húdaráis náisiúnta a bhfuil ionadaíocht acu sa ghrúpa.

[11] An Pholainn, an Ghréig,agus an Iodáil – gortú amháin i ngach tír, an Rómáin 3, an Danmhairg 25 agus an Ísiltír 12
[12] An Iodáil agus an Ísiltír – gortú thromchúiseach amháin i ngach tír, an Danmhairg 6